2025/581 28.3.2025

**RIALACHÁN (AE) 2025/581 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27 Márta 2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh cioglocsaidime, déchlórpróp-P, fluipiridhéfhúróin, céatón meitile naoinile, olaí planda/ola citronella, sorbáit photaisiam agus fosfónáit photaisiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substaintí gníomhacha cioglocsaidim, déchlórpróp-P, fluipiridhéfhúrón agus fosfónáit photaisiam, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás na substaintí gníomhacha céatón meitile naoinile agus olaí plandaí/ola citronella, thángthas ar an gconclúid nach raibh gá le MRLanna. Dá bhrí sin, cuimsíodh na substaintí gníomhacha sin in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcás na substainte gníomhaí sorbáit photaisiam, níor socraíodh aon MRL sonrach. Dá bhrí sin, i gcás na substainte gníomhaí sin tá feidhm ag an luach réamhshocraithe de 0,01 mg/kg a leagtar síos in Airteagal 18(1), pointe (b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) A mhéid a bhaineann le cioglocsaidim, cuireadh iarratas isteach ina n-iarrtar na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú maidir le torthaí póma, aibreoga/péitseoga, piseanna (a bhfuil faighneoga orthu), arbhar Indiach/arbhar, fréamhacha biatais siúcra agus bainne (caorach), de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. A mhéid a bhaineann le déchlórpróp-P, cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh le haghaidh eorna, coirce, seagail agus gráin chruithneachta. A mhéid a bhaineann le fosfónáit photaisiam, cuireadh iarratas den sórt sin isteach le haghaidh bliosáin chruinne, ceathrúna uain/sailéid arbhair, searbháin muc, biolair agus eascróga agus péacáin eile, biolair thalún, roicéad/rucola rómhánach, mustard dearg, barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí), 'leitísí agus plandaí sailéid, eile', puirsleán, seardas/duilleoga biatais, 'spionáistí agus duilleoga comhchosúla, eile', biolar uisce, síolta poipín, eorna, coirce agus seagail.

(3) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin uile agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an Coimisiún na hiarratais, na tuarascálacha meastóireachta, agus na sainchomhaid tacaíochta chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an 'tÚdarás').

(4) Rinne an tÚdarás measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe faoi na MRLanna atá beartaithe ([2]). Chuir sé na tuairimí sin ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.
([2]) Tá tuarascálacha eolaíocha ó EFSA ar fáil ar líne: *http://www.efsa.europa.eu/*
Modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh cioglocsaidime i mbarra éagsúla. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22(9): e8996. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8996.
Modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh déchlórpróp-P i ngráinní gránach. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22(10): e9003. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9003.
Modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i dtráchtearraí plandaí éagsúla mar thoradh ar fhosfónáití potaisiam a úsáid. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22(6):e8842. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8842.

(5) A mhéid a bhaineann le cioglocsaidim i dtorthaí póma, aibreoga/péitseoga, piseanna (a bhfuil faighneoga orthu), arbhar Indiach/arbhar, fréamhacha biatais siúcra agus bainne (caorach), tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh na sonraí iomchuí chun an moladh MRL le haghaidh na dtráchtearraí atá faoi mheasúnú a dhíorthú nó a dheimhniú. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go gcomhlíontar an ceanglas maidir le sonraí daingniúcháin a mhéid a bhaineann le trialacha breise ar iarmhair ar arbhar Indiach/arbhar.

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh cioglocsaidime i gcás na dtráchtearraí sin a shocrú ar na leibhéil a mholann an tÚdarás agus an fonóta maidir le harbhar Indiach/arbhar a thagraíonn do na trialacha iarmhar nach bhfuil ar fáil a scriosadh.

(7) A mhéid a bhaineann le déchlórpróp-P in eorna, coirce, seagal agus grán cruithneachta, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh na sonraí iomchuí chun an moladh MRL le haghaidh na dtráchtearraí faoi mheasúnú a dhíorthú.

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL le haghaidh déchlórpróp-P le haghaidh na dtráchtearraí sin a leagan síos ar na leibhéil a mholann an tÚdarás.

(9) A mhéid a bhaineann leis na MRLanna le haghaidh fosfónáit photaisiam i mbliosáin chruinne, ceathrúna uain/sailéid arbhair, searbháin muc, biolair agus eascróga agus péacáin eile, biolair thalún, roicéad/rucola rómhánach, mustard dearg, barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí), 'leitísí agus plandaí sailéid, cinn eile', puirsleáin, seardas/duilleoga biatais, 'spionáistí agus duilleoga comhchosúla, cinn eile', biolar uisce, síolta poipín, eorna, coirce, seagail, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh na sonraí leordhóthanach chun moltaí MRL a dhíorthú le haghaidh na dtráchtearraí faoi mheasúnú. Tháinig sé ar an gconclúid nach dócha go mbeidh iontógáil fhadtéarmach iarmhar a eascraíonn as na húsáidí nua atá beartaithe d'fhosfónáití potaisiam ina riosca do shláinte an tomhaltóra agus, i bhfianaise phróifíl thocsaineolaíoch na substainte gníomhaí, nach gá measúnú gearrthéarmach a dhéanamh ar an riosca cothaithe. I gcás barra duilleog óga, lena n-áirítear speicis phraisí, tháinig sé ar an gconclúid gur gá dóibh siúd atá freagrach as an mbainistiú riosca an cheist a scrúdú chun cinneadh a dhéanamh maidir le MRL 200 mg/kg nó MRL 150 mg/kg a shocrú, MRLanna a meastar iad araon a bheith sábháilte do thomhaltóirí.

(10) Mar gheall ar an tréimhse fáis níos giorra a bhaineann le barra duilleog óga agus ós rud é gur gnách go mbíonn an tionchar is mó ag an úsáid dheireanach ar an iarmhar measta, is iomchuí an MRL a shocrú ag 200 mg/kg, an leibhéal céanna a leagtar síos le haghaidh na dtáirgí eile sa ghrúpa 'leitísí agus plandaí sailéid'.

(11) Ar bhonn na tuarascála eolaíche ón Údarás, agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, na modhnuithe atá beartaithe ar na MRLanna le haghaidh cioglocsaidime, déchlórpróp-P agus fosfónáit potaisiam le haghaidh na dtráchtearraí lena mbaineann, tá siad inghlactha.

(12) A mhéid a bhaineann le fluipiridhéfhúrón, ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius uasteorainneacha iarmhar Codex ('CXLanna') nua le haghaidh na substainte gníomhaí sin ([3]) an 2 Nollaig 2023.

(13) I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), i gcás inarb ann do chaighdeáin idirnáisiúnta nó i gcás ina gcuirfear i gcrích iad go luath, tá siad le cur san áireamh i bhforbairt nó in oiriúnú dhlí an bhia, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin sin nó codanna ábhartha díobh ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dhlí bia an Aontais a chomhlíonadh, nó i gcás ina mbeadh údar eolaíoch ann, nó ina dtiocfadh leibhéal cosanta astu a bheadh éagsúil leis an leibhéal a chinntear a bheith iomchuí san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 13, pointe (e), den Rialachán sin, tá an tAontas le comhsheasmhacht idir caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta agus dlí bia an Aontais a chur chun cinn agus é á áirithiú an tráth céanna nach laghdófar an t-ardleibhéal cosanta a ghlactar san Aontas.

([3]) Clár comhpháirteach EBT/EDS um Chaighdeáin Bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius. An 46ú Seisiún. Ceanncheathrú EBT, An Róimh, An Iodáil. An 27 Samhain go dtí an 2 Nollaig 2023. fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-46%252F%25E2%2598%2585Final%252520Report%252FREP23_CACe.pdf.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

(14) Rinne an tÚdarás measúnú ar na rioscaí atá ag gabháil leis na CXLanna sin do thomhaltóirí agus d'fhoilsigh sé tuarascáil eolaíoch ([5]). Chuir an tAontas ábhair imní ([6]), ([7]) faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí maidir leis na CXLanna le haghaidh roinnt comhcheangail lotnaidicídí/táirgí, ar shainaithin an tÚdarás riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte tomhaltóirí ina leith sa tuarascáil eolaíoch uaidh.

(15) Maidir leis na CXLanna nár shainaithin an tÚdarás aon riosca do thomhaltóirí san Aontas ina leith, agus dá bhrí sin nár chuir an tAontas forchoimeádas faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí nó an Choimisiúin Codex Alimentarius ina leith, is féidir a mheas go bhfuil siad sábháilte. Is amhlaidh atá i gcás CXLanna le haghaidh fluipiridhéfhúróin in anainn agus i síolta lus na gréine.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart na CXLanna le haghaidh fluipiridhéfhúróin in anainn agus i síolta lus na gréine a áireamh i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, ar bhonn na tuarascála eolaíche ón Údarás, agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh.

(17) Chuaigh formheas céatón meitile naoinile in éag an 26 Bealtaine 2017 ([8]). Tarraingíodh siar formheas céatón meitile naoinile toisc nár cuireadh isteach na sonraí deimhniúcháin riachtanacha nach raibh baint acu le hiarmhair ná le nochtadh cothúcháin. Mar sin féin, níor sainaithníodh aon ábhar imní maidir le sláinte an tomhaltóra. Thairis sin, tá an tsubstaint ghníomhach le fáil go nádúrtha in earraí bia agus is substaint bhlaistithe fhormheasta í is féidir a úsáid i ngach cineál bia blaistithe. Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint ghníomhach sin a choinneáil in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus an fonóta lena dtagraítear dá chuimsiú sealadach a scriosadh.

(18) Chuaigh formheas na substainte gníomhaí olaí plandaí/ola citronella in éag an 31 Lúnasa 2022 toisc nár cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Ós rud é go bhféadfadh comhábhair éagsúla d'ola citronella a bheith i láthair go nádúrtha in earraí bia áirithe, meastar go bhfuil údar maith leis an tsubstaint ghníomhach sin a choinneáil in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus an fonóta lena dtagraítear dá cuimsiú sealadach a scriosadh.

(19) Rinneadh iarratas ar fhormheas sorbáite potaisiam mar shubstaint bhunúsach an 9 Deireadh Fómhair 2015 agus níor formheasadh é in 2017 ([9]) mar gheall ar imní faoi iarmhair i mbia. Faoi láthair, tá feidhm ag an MRL réamhshocraithe 0,01 mg/kg i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Údaraítear sorbáit photaisiam mar bhreiseán bia, áfach. In 2019 rinne an tÚdarás athbhreithniú ar shábháilteacht sorbáití, lena n-áirítear sorbáit photaisiam, a úsáidtear mar bhreiseáin bhia ([10]). Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil aon ábhar imní sláinte ann a bhaineann le nochtadh tomhaltóirí do shorbáití bunaithe ar Iontógáil Laethúil Inghlactha níos airde.

(20) Dá bhrí sin, is iomchuí sorbáit photaisiam a chuimsiú in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

---

([5]) EFSA 2023. *Scientific support for preparing an EU position for the 54th Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* ('Tacaíocht eolaíoch chun seasamh an Aontais a ullmhú don 52ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (CCPR)']. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(8), 1–303. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8111.

([6]) Barúlacha ón Aontas Eorpach maidir le Codex CX/PR 23/54/5-Add.1: https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-54%252FWDs%252Fpr54_05_Add1x.pdf.

([7]) Tuarascáil ón 54ú seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí REP23/PR54: https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-54%252FREPORT%252FFINAL%252520REPORT%252520CORRIGENDUM%252FREP23_PR54e_CORR.pdf.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/781 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2017 lena dtarraingítear siar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach céatón meitile naoinile, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 118, 6.5.2017, lch. 1 ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/781/oj).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2068 ón gCoimisiún an 13 Samhain 2017 maidir le neamh-fhormheas sorbáite potaisiam mar shubstaint bhunúsach, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 295, 14.11.2017, lch. 49, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/2068/oj).

([10]) EFSA 2019. Opinion on the follow-up of the re-evaluation of sorbic acid (E200) and potassium sorbate (E202) as food additives. ('Tuairim maidir leis an obair leantach ar an athmheastóireacht ar aigéad sorbach (E200) agus sorbáit photaisiam (E202) mar bhreiseáin bhia.'] *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2019;17(3):5625. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5625.

(22) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Márta 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh cioglocsaidime, déchlórpróp-P fluipiridhéfhúróin agus fosfónáit photaisiam:

‘IARSCRÍBHINN II

**Iarmhair lotnaidicíde agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)**

| Cód uimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a]) | Cioglocsaidim lena n-áirítear táirgí díghrádaithe agus imoibriúcháin ar féidir iad a chinneadh mar S-dé-ocsaid aigéid 3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-TGSO2) agus/nó S-dé-ocsaid aigéid 3-hiodrocsa-3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-5-OH-TGSO2) nó díorthaigh díobh, arna ríomh ina n-iomláine mar chioglocsaidim | Déchlórpróp (suim déchlórpróip (lena n-áirítear déchlórpróp-P), a shalainn, a eistir agus a chomhchuingigh, arna sloinneadh mar dhéchlórpróp) (R) | Fluipiridhéfhúrón | Aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach (R) |
|---|---|---|---|---|---|
| 0100000 | **TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN** | | | | |
| 0110000 | **Torthaí citris** | 0,09 (*) | 0,3 | | 100 |
| 0110010 | Seadóga | | | 3 | (+) |
| 0110020 | Oráistí | | | 3 | (+) |
| 0110030 | Líomóidí | | | 1,5 | |
| 0110040 | Líomaí | | | 1,5 | |
| 0110050 | Mandairíní | | | 1,5 | |
| 0110990 | Eile (2) | | | 3 | |
| 0120000 | **Cnónna crann** | 0,09 (*) | 0,02 (*) | 0,02 | |
| 0120010 | Almóinní | | | | 1 000 |
| 0120020 | Cnónna Brasaíleacha | | | | 400 |
| 0120030 | Cnónna caisiú | | | | 400 |
| 0120040 | Castáin | | | | 1 000 |
| 0120050 | Cnónna cócó | | | | 400 |
| 0120060 | Cnónna coill | | | | 1 000 |
| 0120070 | Macadaimia | | | | 400 |
| 0120080 | Cnónna peacáin | | | | 400 |
| 0120090 | Eithní cnónna péine | | | | 400 |
| 0120100 | Cnónna pistéise | | | | 1 000 |

| Cód uimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a]) | Cioglocsaidim lena n-áirítear táirgí díghrádaithe agus imoibriúcháin ar féidir iad a chinneadh mar S-dé-ocsaid aigéid 3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-TGSO2) agus/nó S-dé-ocsaid aigéid 3-hiodrocsa-3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-5-OH-TGSO2) nó díorthaigh díobh, arna ríomh ina n-iomláine mar chioglocsaidim | Déchlórpróp (suim déchlórpróip (lena n-áirítear déchlórpróp-P), a shalainn, a eistir agus a chomhchuingigh, arna sloinneadh mar dhéchlórpróp) (R) | Fluipiridhéfhúrón | Aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach (R) |
|---|---|---|---|---|---|
| 0120110 | Gallchnónna | | | | 1 000 |
| 0120990 | Eile (2) | | | | 400 |
| 0130000 | **Torthaí póma** | **0,4** | 0,02 (*) | 0,6 | 70 |
| 0130010 | Úlla | | | | (+) |
| 0130020 | Piorraí | | | | (+) |
| 0130030 | Cainchí | | | | |
| 0130040 | Torthaí ón meispeal Gearmánach | | | | |
| 0130050 | Locuatanna | | | | |
| 0130990 | Eile (2) | | | | |
| 0140000 | **Torthaí cloiche** | 0,09 (*) | 0,02 (*) | | |
| 0140010 | Aibreoga | | | 1 | 60 |
| 0140020 | Silíní (iad milis) | | | 2 | 8 |
| 0140030 | Péitseoga | | | 1,5 | 60 |
| 0140040 | Plumaí | | | 0,4 | 8 |
| 0140990 | Eile (2) | | | 1,5 | 8 |
| 0150000 | **Caora agus torthaí beaga** | | 0,02 (*) | | |
| 0151000 | (a) **fíonchaora** | 0,3 | | 3 | |
| 0151010 | Fíonchaora boird | | | | 100 |
| 0151020 | Fíniúnacha coiteanna | | | | 150 |
| 0152000 | (b) **sútha talún** | 4 | | 0,4 | 70 |
| 0153000 | (c) **torthaí cána** | 0,09 (*) | | 6 | |

| Cód uimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a]) | Cioglocsaidim lena n-áirítear táirgí díghrádaithe agus imoibriúcháin ar féidir iad a chinneadh mar S-dé-ocsaíd aigéid 3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-TGSO2) agus/nó S-dé-ocsaíd aigéid 3-hiodrocsa-3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-5-OH-TGSO2) nó díorthaigh díobh, arna ríomh ina n-iomláine mar chioglocsaidim | Déchlórpróp (suim déchlórpróip (lena n-áirítear déchlórpróp-P), a shalainn, a eistir agus a chomhchuingigh, arna sloinneadh mar dhéchlórpróp) (R) | Fluipiridhéfhurón | Aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach (R) |
|---|---|---|---|---|---|
| 0153010 | Sméara dubha | | | | 200 |
| 0153020 | Eithreoga | | | | 80 |
| 0153030 | Sútha craobh (iad dearg agus buí) | | | | 200 |
| 0153990 | Eile (2) | | | | 80 |
| 0154000 | (d) **torthaí beaga eile agus caora eile** | 0,09 (*) | | | |
| 0154010 | Fraocháin ghorma | | | 4 | 150 |
| 0154020 | Mónóga | | | 0,7 | 1,5 (*) |
| 0154030 | Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán) | | | 0,7 | 150 |
| 0154040 | Spíonáin (iad glas, dearg agus buí) | | | 0,7 | 150 |
| 0154050 | Mogóirí róis | | | 0,7 | 1,5 (*) |
| 0154060 | Maoildearga (iad dubh agus bán) | | | 0,7 | 1,5 (*) |
| 0154070 | Torthaí ón sceach gheal asaróil | | | 0,7 | 50 |
| 0154080 | Caora troim | | | 0,7 | 60 |
| 0154990 | Eile (2) | | | 0,7 | 1,5 (*) |
| 0160000 | **Torthaí ilghnéitheacha ar a bhfuil** | 0,09 (*) | 0,02 (*) | | |
| 0161000 | (a) **craiceann inite** | | | | |
| 0161010 | Dátaí | | | 0,01 (*) | 1,5 (*)(+) |
| 0161020 | Figí | | | 0,01 (*) | 1,5 (*)(+) |
| 0161030 | Ológa boird | | | 5 | 80 |
| 0161040 | Cumcuait | | | 0,01 (*) | 3+) |
| 0161050 | Torthaí réaltúla | | | 0,01 (*) | 1,5 (*)(+) |

| Cód uimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a]) | Cioglocsaidim lena n-áirítear táirgí díghrádaithe agus imoibriúcháin ar féidir iad a chinneadh mar S-dé-ocsaid aigéid 3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-TGSO2) agus/nó S-dé-ocsaid aigéid 3-hiodrocsa-3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-5-OH-TGSO2) nó díorthaigh díobh, arna ríomh ina n-iomláine mar chioglocsaidim | Déchlórpróp (suim déchlórpróip (lena n-áirítear déchlórpróp-P), a shalainn, a eistir agus a chomhchuingigh, arna sloinneadh mar dhéchlórpróp) (R) | Fluipiridhéfhúrón | Aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach (R) |
|---|---|---|---|---|---|
| 0161060 | Dátphlumaí Seapánacha | | | 0,01 (*) | 50 |
| 0161070 | Plumaí Iáva | | | 0,01 (*) | 1,5 (*)(+) |
| 0161990 | Eile (2) | | | 0,01 (*) | 1,5 (*) |
| 0162000 | (b) **craiceann do-ite, iad beag** | | | 0,01 (*) | |
| 0162010 | Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí) | | | | 150 |
| 0162020 | Lítsíonna | | | | 1,5 (*)(+) |
| 0162030 | Páiseoga | | | | 20+) |
| 0162040 | Piorraí deilgneacha | | | | 1,5 (*)(+) |
| 0162050 | Réalt-úlla | | | | 1,5 (*)(+) |
| 0162060 | Dátphlumaí Meiriceánacha | | | | 1,5 (*)(+) |
| 0162990 | Eile (2) | | | | 1,5 (*) |
| 0163000 | (c) **craiceann do-ite, iad mór** | | | | |
| 0163010 | Abhacáid | | | 0,6 | 50 |
| 0163020 | Bananaí | | | 0,01 (*) | 1,5 (*) |
| 0163030 | Mangónna | | | 0,7 | 1,5 (*) |
| 0163040 | Papánna | | | 0,4 | 3(+) |
| 0163050 | Pomagránaití | | | 0,01 (*) | 70 |
| 0163060 | Céiriomoighe | | | 0,01 (*) | 1,5 (*)(+) |
| 0163070 | Guábhaí | | | 0,01 (*) | 1,5 (*)(+) |
| 0163080 | Anainn | | | **0,3** | 20(+) |
| 0163090 | Torthaí aráin | | | 0,01 (*) | 1,5 (*)(+) |

| Cód uimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a]) | Cioglocsaidim lena n-áirítear táirgí díghrádaithe agus imoibriúcháin ar féidir iad a chinneadh mar S-dé-ocsaid aigéid 3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-TGSO2) agus/nó S-dé-ocsaid aigéid 3-hiodrocsa-3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-5-OH-TGSO2) nó díorthaigh díobh, arna ríomh ina n-iomláine mar chioglocsaidim | Déchlórpróp (suim déchlórpróip (lena n-áirítear déchlórpróp-P), a shalainn, a eistir agus a chomhchuingigh, arna sloinneadh mar dhéchlórpróp) (R) | Fluipiridhéfhúrón | Aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach (R) |
|---|---|---|---|---|---|
| 0163100 | Dúraígh | | | 0,01 (*) | 1,5 (*)(+) |
| 0163110 | Úlla deilgneacha | | | 0,01 (*) | 1,5 (*)(+) |
| 0163990 | Eile (2) | | | 0,01 (*) | 1,5 (*) |
| 0200000 | **GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE** | | | | |
| 0210000 | **Glasraí fréimhe agus tiúbair** | | 0,02 (*) | | |
| 0211000 | (a) **prátaí** | 4 | | 0,05 | 150(+) |
| 0212000 | (b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha** | | | 0,05 | 1,5 (*) |
| 0212010 | Casabhaigh | 0,09 (*) | | | (+) |
| 0212020 | Prátaí milse | 0,6 | | | |
| 0212030 | Ionaim | 0,09 (*) | | | (+) |
| 0212040 | Ararút | 0,09 (*) | | | (+) |
| 0212990 | Eile (2) | 0,09 (*) | | | |
| 0213000 | (c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra** | | | 0,9 | |
| 0213010 | Meacain bhiatais | 3 | | | 1,5 (*) |
| 0213020 | Meacain dhearga | 5 | | | 1,5 (*) |
| 0213030 | Soiliriac/soilire tornapa | 3 | | | 6 |
| 0213040 | Meacain ragaim | 3 | | | 150 |
| 0213050 | Bliosáin ghréine | 0,9 | | | 1,5 (*)(+) |
| 0213060 | Meacain bhána | 3 | | | 6(+) |
| 0213070 | Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg | 1 | | | 4(+) |

| Cód uimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a] | Cioglocsaidim lena n-áirítear táirgí díghrádaithe agus imoibriúcháin ar féidir iad a chinneadh mar S-dé-ocsaid aigéid 3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-TGSO2) agus/nó S-dé-ocsaid aigéid 3-hiodrocsa-3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-5-OH-TGSO2) nó díorthaigh díobh, arna ríomh ina n-iomláine mar chioglocsaidim | Déchlórpróp (suim déchlórpróip (lena n-áirítear déchlórpróp-P), a shalainn, a eistir agus a chomhchuingigh, arna sloinneadh mar dhéchlórpróp) (R) | Fluipiridhéfhúrón | Aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach (R) |
|---|---|---|---|---|---|
| 0213080 | Raidisí | 3 | | | 40 |
| 0213090 | Salsabh | 3 | | | 1,5 (*)(+) |
| 0213100 | Svaeideanna | 1 | | | 1,5 (*)(+) |
| 0213110 | Tornapaí | 3 | | | 1,5 (*)(+) |
| 0213990 | Eile (2) | 0,9 | | | 1,5 (*) |
| 0220000 | **Glasraí bleibíní** | | 0,02 (*) | 0,01 (*) | |
| 0220010 | Gairleog | 1,5 | | | 20 |
| 0220020 | Oinniúin | 3 | | | 40 |
| 0220030 | Seallóidí | 1,5 | | | 20 |
| 0220040 | Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil | 0,3(+) | | | 10 |
| 0220990 | Eile (2) | 0,3 | | | 10 |
| 0230000 | **Glasraí a thugann torthaí** | | 0,02 (*) | | |
| 0231000 | (a) **Solanaceae agus Malvaceae** | | | | |
| 0231010 | Trátaí | 1,5 | | 0,7 | 70 |
| 0231020 | Piobair mhilse/chloigíneacha | 9 | | 0,9 | 70 |
| 0231030 | Ubhthorthaí | 1,5 | | 1 | 70 |
| 0231040 | Ocra | 0,09 (*) | | 0,9 | 1,5 (*)(+) |
| 0231990 | Eile (2) | 0,09 (*) | | 0,01 (*) | 70 |
| 0232000 | (b) **guird a bhfuil craiceann inite acu** | 0,09 (*) | | 0,6 | 80 |
| 0232010 | Cúcamair | | | | |
| 0232020 | Gircíní | | | | |

| Cód uimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a]) | Cioglocsaidim lena n-áirítear táirgí díghrádaithe agus imoibriúcháin ar féidir iad a chinneadh mar S-dé-ocsaid aigéid 3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-TGSO2) agus/nó S-dé-ocsaid aigéid 3-hiodrocsa-3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-5-OH-TGSO2) nó díorthaigh díobh, arna ríomh ina n-iomláine mar chioglocsaidim | Déchlórpróp (suim déchlórpróip (lena n-áirítear déchlórpróp-P), a shalainn, a eistir agus a chomhchuingigh, arna sloinneadh mar dhéchlórpróp) (R) | Fluipiridhéfhúrón | Aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach (R) |
|---|---|---|---|---|---|
| 0232030 | Cúirséid | | | | |
| 0232990 | Eile (2) | | | | |
| 0233000 | (c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu** | 0,09 (*) | | | 60(+) |
| 0233010 | Mealbhacáin | | | 0,01 (*) | (+) |
| 0233020 | Puimcíní | | | 0,01 (*) | (+) |
| 0233030 | Mealbhacáin uisce | | | 0,15 | (+) |
| 0233990 | Eile (2) | | | 0,01 (*) | (+) |
| 0234000 | (d) **arbhar milis** | 0,09 (*) | | 0,05 | 1,5 (*) |
| 0239000 | (e) **glasraí eile a thugann torthaí** | 0,09 (*) | | 0,01 (*) | 1,5 (*) |
| 0240000 | **Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)** | | 0,02 (*) | | |
| 0241000 | (a) **praiseach bhlátha** | 9 | | 0,6 | 50 |
| 0241010 | Brocailí | | | | |
| 0241020 | Cóilis | | | | |
| 0241990 | Eile (2) | | | | |
| 0242000 | (b) **praiseach chinn** | 9 | | | 2 |
| 0242010 | Bachlóga Bruiséile | | | 0,09 | |
| 0242020 | Cabáistí cinn | | | 0,3 | |
| 0242990 | Eile (2) | | | 0,01 (*) | |
| 0243000 | (c) **praiseach dhuilleach** | 3 | | 4 | 20 |
| 0243010 | Cabáistí Síneacha | | | | |

| Cód uimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo (a) | Cioglocsaidim lena n-áirítear táirgí díghrádaithe agus imoibriúcháin ar féidir iad a chinneadh mar S-dé-ocsaid aigéid 3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-TGSO2) agus/nó S-dé-ocsaid aigéid 3-hiodrocsa-3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-5-OH-TGSO2) nó díorthaigh díobh, arna ríomh ina n-iomláine mar chioglocsaidim | Déchlórpróp (suim déchlórpróip (lena n-áirítear déchlórpróp-P), a shalainn, a eistir agus a chomhchuingigh, arna sloinneadh mar dhéchlórpróp) (R) | Fluipiridhéfhúrón | Aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach (R) |
|---|---|---|---|---|---|
| 0243020 | Cáil | | | | |
| 0243990 | Eile (2) | | | | |
| 0244000 | (d) **cálráibí** | 9 | | 0,09 | 5 |
| 0250000 | **Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite** | | | | |
| 0251000 | (a) **leitísí agus plandaí sailéid** | | 0,02 (*) | | **200** |
| 0251010 | Ceathrúna uain/sailéid arbhair | 2(+) | | 6 | |
| 0251020 | Leitísí | 1,5 | | 6 | |
| 0251030 | Searbháin muc | 1(+) | | 0,07 | |
| 0251040 | Biolair agus eascróga agus péacáin eile | 1(+) | | 6 | |
| 0251050 | Biolair thalún | 1(+) | | 6 | |
| 0251060 | Ruachán Rómhánach | 3 | | 6 | |
| 0251070 | Mustard dearg | 3 | | 6 | |
| 0251080 | Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí) | 3 | | 6 | |
| 0251990 | Eile (2) | 1 | | 6 | |
| 0252000 | (b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla** | 2 | 0,02 (*) | 6 | **200** |
| 0252010 | Spionáistí | | | | |
| 0252020 | Puirsleáin | | | | |
| 0252030 | Seardas/duilleoga biatais | | | | |
| 0252990 | Eile (2) | | | | |
| 0253000 | (c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla** | 0,09 (*) | 0,02 (*) | 0,03(+) | 1,5 (*)(+) |
| 0254000 | (d) **biolair uisce** | 0,09 (*) | 0,02 (*) | 0,07 | **90+)** |

